Mol Teic ag treisiú a fhócas ar Thionscnaimh Inbhuanaitheachta

Tá Mol Teic ag leathnú a fhócas ar thionscnaimh Inbhuanaitheachta fad is atá sé ag tacú le cliaint atá ag aistriú óna sheirbhísí spáis oibre.

Dáta: 08 Feabhra 2024

Tá Mol Teic (t/a Dingle Hub) ag soláthar seirbhísí spáis oibre do Chorca Dhuibhne ó 2017 i leith le tacaíocht ó roinnt scéimeanna éagsúla de chuid an státchiste. Ar an drochuair, de bharr deireadh a bheith curtha leis an dtacaíocht seo ní bheidh sé de chumas ag Mol Teic seirbhísí spáis oibre a thairiscint a thuilleadh ó 31ú Márta 2024 ar aghaidh.

Anois, áfach, tá pobal rathúil spáis oibre ag Corca Dhuibhne agus tá sé tábhachtach go ndéanfar cosaint agus caomhnú air seo. Trí gteic@corcadhuibhne, cuireann Údarás na Gaeltachta seirbhísí spáis oibre ar fáil chomh maith agus cuirfidh Dingle Hub, atá ag déanamh bainistíocht ar an tseirbhís seo ó Lúnasa 2022, tacaíocht ar fáil do chliaint go mba mhaith leo aistriú go dtí an spás seo. Faoi láthair, tá 16 deasc sealaíochta i spás gteic@corcadhuibhne. Ag an bpointe seo is cinneadh ciallmhar é cuíchóiriú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus beidh Dingle Hub ag tacú le hÚdarás na Gaeltachta chun fiosrú a dhéanamh timpeall ar na roghanna forbartha atá ann do gteic@corcadhuibhne.

As seo amach beidh **Dingle Hub** dírithe ar ár réimse bríomhar de thionscadail atá deartha chun tógáil, agus méadú a dhéanamh, ar an méid atá bainte amach go dtí seo. Tá sé de chuspóir ag na tionscadail seo dul i ngleic leis an athrú aeráide agus meath bithéagsúlachta ag an leibhéal áitiúil, agus na bealaí riachtanacha a aimsiú chun aistriú a dhéanamh go pobal ar charbón íseal chun gur féidir todhchaí inbhuanaithe a thógáil. Ina measc tá:

- **Teacht Aniar Cruthaitheach Cóstaí** Tá sé d'aidhm ag an tionscadal seo oibriú le healaíontóir neadaithe chun comhfhorbairt a dhéanamh ar straitéisí agus réitigh oiriúnaithe mar shlí chun maolú ar chreimeadh cósta agus tionchar diúltach athrú aeráide, anuas ar úinéireacht agus dionbháilteacht a chothú i measc páirtithe leasmhara sna Machairí a d'fhéadfadh pobail eile cois cósta aithris a dhéanamh orthu.
- Dhá **Phobal Fuinnimh Inbhuanaithe** ionadaíoch ar an bpobal feirmeoireachta agus an pobal turasóireachta agus fáilteachais faoi seach. Tá an dá PFI seo ag déanamh dul chun cinn iontach chun aistriú fuinnimh a thiomáint ar fud na leithinse. Faoi láthair, táthar i mbun 750kW de chumhacht painéal fótavoltach a shuiteáil i ngnólachtaí áitiúla. Mar thoradh air seo beidh 650,815kW d'fhuinneamh inathnuaite á ghinúint gach bliain, ag cúiteamh 224,532 kg de CO2e agus is ionann sin agus 22,453 crann a chur gach bliain go mbeidh na painéal fotavoltacha ag feidhmiú. Ciallaíonn comhpháirtíochtaí láidre le Fáilte Ireland, Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Chiarraí go bhfuil breis luas á chur faoin obair seo.
- Tá obair Dingle Hub ar acmhainneacht fuinnimh ag fáil tacaíocht ó dhá thionscadal nua de chuid clár Horizon leis an Aontas Eorpach: **Enpower** agus **Crete Valley**, a bheidh ag rith go dtí 2026 agus 2028 faoi seach.
- Táimid ag obair le taighdeoirí ó MaREI agus an Scoil Ghnó ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun fiosrú a dhéanamh ar shlite chun forbairt a dhéanamh ar bhithghás trí thionscadal **CABBIE** de chuid Áisíneacht Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, a bheidh ag rith go dtí 2027.
- Beidh **Tionscadal Ceannródaíoch Soghluaisteachta Inbhuanaithe Chorca Dhuibhne** ag rith go dtí deireadh 2025 ag féachaint chun modhanna iompair inmharthana malartacha a aithint agus a fhorbairt mar bhealach laghdú a dhéanamh ar na leibhéil ard spleáchais reatha ar chairr phríobháideacha i gceantracha tuaithe.

DEIREADH

Chun breis eolais a fháil, glaoigh ar (087) 261 8180 nó cuir rphost go deirdre@dinglehub.com

Chun níos mó a fhoghlaim faoi thionscadail Dingle Hub tabhair cuairt ar: www.dinglehub.com